Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2022
(OR. en)

13805/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0305(NLE)**

PROBA 53
AGRI 563
WTO 195

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bhaineann le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bhaineann le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 92/580/CEE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993.

(2) De bhun Airteagal 45(2) den Chomhaontú, is féidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta Siúcra síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha, nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Comhaontú i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta ar feadh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh an síneadh deireanach leis an gComhaontú an 30 Samhain 2021 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023.

(3) Luaitear in Airteagal 41 den Chomhaontú gur féidir le Rialtas na Stát uile iarratas a dhéanamh ar aontachas leis an gComhaontú i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta.

(4) Chun go n-aontódh comhalta nua leis an gComhaontú tar éis don Chomhaontú teacht i bhfeidhm, is gá vótaí an chomhalta nua sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a leithdháileadh, chomh maith le vótaí na gcomhaltaí atá ann cheana a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chomhaontú.

---

[1] Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

(5) An 16 Feabhra 2021, rinne Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí iarratas foirmiúil ar aontachas leis an gComhaontú. Le linn seisiún a bheidh aici amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta trí chomhfhreagras a mhalartú, tá an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta chun na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú sin a bhunú.

(6) Is gníomhaí tábhachtach in earnáil an tsiúcra ar an leibhéal domhanda í Ríocht na hAraibe Sádaí, agus is comhpháirtí trádála tábhachtach de chuid an Aontais í i réimse na dtáirgí talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear siúcra. Tá sé chun leas an Aontais aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chomhaontú.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a bhunú, a bhaineann le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta le linn seisiún a bheidh aici amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta trí chomhfhreagras a mhalartú, aontachas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992, a fhormheas agus a áirithiú go ndéanfar líon na vótaí a bheidh le leithdháileadh ar Ríocht na hAraibe Sádaí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 25(4) den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*